Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Bealtaine 2021
(OR. en)

6674/21
ADD 3

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0196(COD)

FSTR 21
REGIO 36
FC 9
SOC 122
PECHE 75
CADREFIN 122
JAI 237
SAN 119
CODEC 295

**DRÉACHT-RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí<br>– Dréacht-Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 29 Bealtaine 2018, ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Rialachán na bhForálacha Coiteanna (RFC)[1]. Leis an togra bunaidh le haghaidh RFC, leagadh amach forálacha coiteanna le haghaidh seacht gciste bainistíochta comhroinnte: an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Tearmainn agus Imirce, an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus Víosaí agus an Ciste Slándála Inmheánaí. An 14 Eanáir 2020, in éineacht leis an togra lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC), mhol an Coimisiún leasuithe éagsúla ar Rialachán na bhForálacha Coiteanna[2] chun CUAC a leabú mar chiste nua faoi bhratrialacha RFC. An 28 Bealtaine 2020, ag eascairt as ráig COVID-19 agus mar chuid de CAI 2021-27 athbhreithnithe agus den Phacáiste Téarnaimh, mhol an Coimisiún leasuithe éagsúla ar phacáiste reachtach Bheartas Comhtháthaithe 2021-2027, lena n-áirítear leasuithe breise ar RFC[3].

2. An 17 Deireadh Fómhair 2018, ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra tosaigh le haghaidh RFC[4] agus ghlac sé a thuairim maidir leis na tograí leasaithe an 10 Meitheamh 2020[5] agus an 18 Meán Fómhair 2020[6] .

3. An 5 Nollaig 2018, ghlac Coiste na Réigiún a thuairim maidir leis an togra tosaigh le haghaidh RFC[7] agus ghlac sé a thuairim maidir leis na tograí leasaithe an 14 Deireadh Fómhair 2020[8].

4. Ghlac Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a tuairim maidir le RFC an 31 Deireadh Fómhair 2018[9].

---

1 9511/18 + ADD 1.
2 5259/20 + ADD1.
3 8399/20 + ADD1.
4 IO C 62, 15.2.2019, lch. 83.
5 IO C 311, 18.9.2020, lch. 55.
6 IO C 429, 11.12.2020, lch. 236.
7 IO C 86, 7.3.2019, lch. 41.
8 IO C 440, 18.12.2020, lch. 191.
9 IO C 17, 14.1.2019, lch. 1.

5. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh maidir le RFC ar an gcéad léamh ag suí iomlánach dá cuid an 27 Márta 2019.

6. Scrúdaigh an Mheitheal um Bearta Struchtúracha an RFC atá beartaithe i roinnt cruinnithe faoi Uachtaránacht na Bulgáire, na Cróite, na Fionlainne, na Gearmáine, na hOstaire, na Portaingéile agus na Rómáine.

7. D'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe sainorduithe caibidlíochta páirteacha éagsúla maidir le codanna éagsúla (bloic RFC) den Rialachán ó mhí na Nollag 2018 go dtí mí na Bealtaine 2019[10]. An 22 Iúil 2020, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe sainordú páirteach eile le haghaidh caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa a mhéid a bhaineann leis na tograí leasaithe ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán na bhForálacha Coiteanna[11]. Chomh maith leis sin, an 5 Deireadh Fómhair 2020, thug Coiste na mBuanionadaithe an sainordú páirteach don chaibidlíocht cothrom le dáta chun na Conclúidí ón gComhairle Eorpach maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-27 agus an Pacáiste Téarnaimh a glacadh ag an gcruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach an 17, 18, 19, 20 agus an 21 Iúil 2020[12] a chur san áireamh.

8. Ar bhonn na sainorduithe sin, chuaigh Uachtaránacht na Cróite, na Fionlainne, na Gearmáine, na Portaingéile agus na Rómáine i mbun caibidlíocht idirinstitiúideach a tugadh i gcrích i mí Feabhra 2021.

9. An 16 Márta 2021, d'fhormheas an Coiste um Fhorbairt Réigiúnach (REGI) i bParlaimint na hEorpa toradh na caibidlíochta idirinstitiúidí. An 18 Márta 2021, chuir Cathaoirleach Choiste REGI litir chuig Uachtaránacht na Comhairle inar léiríodh go molfadh sé don Suí Iomlánach go nglacfaí leis an seasamh ón gComhairle, gan aon leasú, faoi réir fíorú dlí agus teanga, ar an dara léamh sa Pharlaimint.

10. Agus an comhaontú thuas á chur san áireamh aici agus tar éis an athbhreithnithe dlí agus teanga, ghlac an Chomhairle an seasamh uaithi ar an gcéad léamh an [xxxx 2021], i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach a leagtar síos in Airteagal 294 CFAE.

---

[10] 11149/19 (leagan comhdhlúite de shainorduithe páirteacha RFC).
[11] 9428/20.
[12] 10879/20.

## II. CUSPÓIR (Airteagail 1 go 9)

11. I gcomhréir le hAirteagail 174, 175, 177 agus 322 CFAE, i measc nithe eile, is é Rialachán na bhForálacha Coiteanna an bratrialachán le haghaidh sraith de chistí bainistíochta comhroinnte arb é is aidhm dóibh tacú leis na Ballstáit a gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú, trí na héagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil agus cúlmhaireacht na réigiún nó na n-oileán is mídheisiúla a laghdú. Leagtar síos forálacha coiteanna atá bunaithe ar Airteagal 177 CFAE chun rialacha beartas-sonracha a chumhdach i gcás CFRE, CSE+, an Chiste Comhtháthaithe, CUAC agus CEMID.

12. Ina theannta sin, chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chur chun feidhme comhordaithe comhchuibhithe Chistí an Aontais a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte, leagtar síos rialacha airgeadais a bhunaítear ar Airteagal 322 CFAE le haghaidh na gCistí uile a chumhdaítear le RFC, agus sonraítear go soiléir sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh raon feidhme chur i bhfeidhm na bhforálacha ábhartha.

13. Tacóidh RFC leis na cuspóirí beartais seo a leanas:

    (a) Eoraip níos iomaíche agus níos cliste a chur chun cinn trí chlaochlú eacnamaíoch nuálach cliste agus nascacht réigiúnach TFC a chur chun cinn;

    (b) Eoraip athléimneach, níos glaise, a fheidhmeoidh ar bheagán carbóin agus a aistreoidh chuig geilleagar carbóin glan-nialasach, trí aistriú fuinnimh glan agus cóir, infheistíocht ghlas agus ghorm, an geilleagar ciorclach, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú aeráide agus cosc agus bainistiú rioscaí agus soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe a chur chun cinn;

    (c) Eoraip níos nasctha tríd an tsoghluaisteacht a fheabhsú;

    (d) Eoraip níos sóisialta agus níos cuimsithí lena gcuirtear chun feidhme Colún Eorpach na gCeart Sóisialta;

    (e) Eoraip atá níos gaire do na saoránaigh trí fhorbairt inbhuanaithe chomhtháite an uile chineál críoch agus tionscnamh áitiúil a chothú.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE AR AN GCÉAD LÉAMH

### (a) Cur chuige straitéiseach agus clársceidealú (Airteagail 7 go 37)

14. Is doiciméad straitéiseach gonta a bheidh sa Chomhaontú Comhpháirtíochta, arna ullmhú ag gach Ballstát, a threoróidh an chaibidlíocht idir an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann maidir le ceapadh clár faoi CFRE, CSE+, an Ciste Comhtháthaithe, CUAC agus CEMID.

15. Na Ballstáit ar an leibhéal críochach iomchuí, i gcomhréir lena gcreat institiúideach, dlíthiúil agus airgeadais féin agus na comhlachtaí arna n-ainmniú acu chun na críche sin, beidh siad freagrach as cláir a ullmhú agus a chur chun feidhme. Tabharfaidh siad an aird chuí freisin ar phrionsabal na comhpháirtíochta le linn an chur chun feidhme.

16. Neartaíodh prionsabail chothrománacha, *inter alia*, chun inbhuaine an chistiúcháin a áirithiú, chun tacú le spriocanna aeráide agus comhshaoil an Aontais, lena gcomhtháthaítear prionsabal na neamhdhíobhála agus prionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh chomh maith leis an nasc leis na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide a neartú. Léireofar sna cláir an sprioc maidir le rannchuidiú aeráide do gach Ballstát mar chéatadán dá leithdháileadh iomlán CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe.

17. Chun solúbthacht leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit agus a gcuid leithdháiltí bainistíochta comhroinnte á gcur chun feidhme, leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh táthar in ann leibhéil áirithe chistiúcháin a aistriú idir na Cistí agus idir ionstraimí bainistíochta comhroinnte agus ionstraimí bainistíochta dírí agus indírí. Ina theannta sin, beidh an tsolúbthacht ag gach Ballstát rannchuidiú le Clár InvestEU, faoi choinníollacha áirithe a leagtar amach sa Rialachán.

18. Bunófar liosta teoranta de choinníollacha cumasaithe chomh maith le sraith ghonta uileghabhálach de chritéir oibiachtúla chun iad a mheas agus sonrófar go soiléir iad i bhforálacha ábhartha in Airteagail an Rialacháin agus sna hIarscríbhinní a ghabhann leis chun na réamhriachtanais is gá le haghaidh úsáid éifeachtach éifeachtúil na tacaíochta a thugann an tAontas trí na Cistí a áirithiú.

19. Leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, leantar de chur chuige comhchosúil maidir leis na sásraí atá ann cheana lena nasctar beartais chistiúcháin an Aontais le rialachas eacnamaíoch an Aontais le linn na tréimhse ó 2014 go 2020, agus is féidir leis an gCoimisiún, don tréimhse ó 2021 go 2027, togra a chur chuig an gComhairle maidir leis na gealltanais nó na híocaíochtaí uile, nó cuid díobh sin, do chlár amháin nó níos mó de chuid an Bhallstáit lena mbaineann, a chur ar fionraí i gcás ina mainneoidh an Ballstát sin gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh i gcomhthéacs phróiseas an rialachais eacnamaíoch. Eisiafar cláir CSE+ agus Interreg ó raon feidhme na sásraí sin.

20. Chun an nasc idir an beartas comhtháthaithe agus an Seimeastar Eorpach a neartú a thuilleadh, den chéad uair déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú meántéarma in 2024 ar gach clár a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe agus ó CUAC. Tá sé i gceist leis an athbhreithniú coigeartú iomlán a dhéanamh ar chláir bunaithe ar fheidhmíocht an chláir. I gcás clár a chuimsítear faoin sprioc 'Infheistíocht le haghaidh post agus fáis', déanfar méid a chomhfhreagraíonn do 50 % den ranníocaíocht do na blianta 2026 agus 2027 ('méid solúbthachta') a choinneáil in aghaidh an chláir i ngach Ballstát agus ní dhéanfar é a leithdháileadh go cinntitheach, ach amháin tar éis an cinneadh ón gCoimisiún a ghlacadh nuair a bheidh an t-athbhreithniú meántéarma déanta.

21. Tá cinneadh déanta ag na comhreachtóirí freisin an Coimisiún a chumhachtú chun bearta sealadacha a ghlacadh chun úsáid na gCistí a éascú mar fhreagairt ar imthosca eisceachtúla nó neamhghnácha. Beidh an creat reachtach is gá ag an gCoimisiún chun na bearta is iomchuí a ghlacadh i bhfianaise na n-imthosca sin, agus cuspóirí na gCistí á gcaomhnú ag an am céanna.

22. Chun an t-ualach riaracháin a laghdú, leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh táthar in ann cúnamh teicniúil a chur chun feidhme arna nascadh le cur chun feidhme an chláir ar thionscnamh an Bhallstáit trí ráta comhréidh bunaithe ar an dul chun cinn i dtaca le cur chun feidhme an chláir. Mar sin féin, i gcás inar fearr leanúnachas leis an tréimhse ó 2014 go 2020, foráiltear leis an seasamh ón gComhairle go bhféadfaidh an Ballstát leanúint d'aisíocaíocht a fháil ar chostais incháilithe arna dtabhú iarbhír ag an tairbhí agus arna n-íoc le hoibríochtaí cur chun feidhme le haghaidh cúnamh teicniúil.

**(b) Faireachán, meastóireacht, cumarsáid agus infheictheacht (Airteagail 38 go 50)**

23. Chun scrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht na gclár, cuirfidh na Ballstáit coistí faireacháin ar bun, ar a mbeidh ionadaithe na gcomhpháirtithe ábhartha. Do CFRE, do CSE+ agus don Chiste Comhtháthaithe, in ionad na dtuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme, déanfar athbhreithnithe bliantúla ar fheidhmíocht bunaithe ar an bhfaisnéis is déanaí agus ar shonraí faoi chur chun feidhme na gclár arna gcur ar fáil ag na Ballstáit.

24. Beidh údaráis na gclár, na tairbhithe agus geallsealbhóirí sna Ballstáit freagrach as feasacht a mhéadú faoin méid a bhaintear amach le cistiú ón Aontas agus as an bpobal i gcoitinne a chur ar an eolas dá réir sin. Leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, meastar gur eilimintí riachtanacha iad gníomhaíochtaí trédhearcachta, cumarsáide agus infheictheachta chun go mbeidh gníomhaíocht an Aontais infheicthe ar an talamh.

**(c) Tacaíocht airgeadais ó na Cistí (Airteagail 51 go 68)**

25. Leis an seasamh ón gComhairle, rannchuidítear le húsáid na gCistí a shimpliú agus leis an riosca earráide a laghdú. Chun na críche sin, sainítear cineálacha na ranníocaíochtaí ón Aontas leis na Ballstáit agus na cineálacha tacaíochta a chuireann na Ballstáit ar fáil do thairbhithe. Beidh údaráis bhainistíochta in ann deontais a chur ar fáil trí mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais. Maidir leis na deontais do na tairbhithe, tá na Ballstáit ceaptha níos mó úsáide a bhaint as roghanna costais simplithe.

26. Chun gurb ann don tsoiléireacht dhlíthiúil, sonraítear sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an tréimhse incháilitheachta le haghaidh caiteachas nó costas a bhaineann le hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó na Cistí faoin Rialachán seo agus cuirtear srian leis an tacaíocht le haghaidh oibríochtaí lánchríochnaithe.

**(d) Bainistiú agus rialú (Airteagail 69 go 85)**

27. Leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, féadfaidh na Ballstáit, ar a dtionscnamh féin, comhlacht comhordúcháin a aithint chun idirchaidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún agus faisnéis a thabhairt dó agus gníomhaíochtaí údaráis an chláir sa Bhallstát sin a chomhordú.

28. Leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, áirithítear freisin go mbeidh cothromaíocht iomchuí idir cur chun feidhme éifeachtach éifeachtúil na gCistí agus na costais agus na hualaí riaracháin gaolmhara, trí mhinicíocht, raon feidhme agus cumhdach níos cruinne na bhfíoruithe agus na n-iniúchtaí bainistíochta. I ndáil leis sin, ráthaítear leis an seasamh ón gComhairle go mbeidh na fíoruithe bainistíochta comhréireach leis na rioscaí a ndearnadh measúnú orthu roimhe sin agus go mbeidh iniúchtaí comhréireach leis an leibhéal riosca do bhuiséad an Aontais.

**(e) Bainistíocht airgeadais agus creat airgeadais (Airteagail 86 go 112)**

29. Sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, léirítear tacar de bhearta comhréireacha atá le cur chun feidhme ar leibhéal na mBallstát agus an Choimisiúin chun leasanna airgeadais agus buiséad an Aontais a chosaint.

30. Chun cuspóirí CFAE maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chur chun cinn, tacóidh an sprioc Infheistíocht le haghaidh post agus fáis leis na réigiúin ar fad, agus acmhainní á leithdháileadh faoin sprioc sin ó CFRE agus ó CSE+ ar bhonn eochair leithdháilte atá bunaithe den chuid is mó ar olltáirgeacht intíre ('OTI') *per capita*. Na Ballstáit ar lú a n-ollioncam náisiúnta ('OIN') *per capita* ná 90 % de mheán an Aontais, bainfidh siad tairbhe as an gCiste Comhtháthaithe freisin faoin sprioc céanna.

31. Déanfar na hacmhainní do sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a leithdháileadh ar na Ballstáit ar bhonn modheolaíocht leithdháilte shonraigh lena gcuirtear dlús daonra i réigiúin teorann go háirithe san áireamh.

32. Leagfaidh an Coimisiún amach an miondealú bliantúil de na leithdháiltí atá ar fáil in aghaidh an Bhallstáit do CFRE, do CSE+, don Chiste Comhtháthaithe agus do CUAC faoin sprioc Infheistíocht le haghaidh post agus fáis, mar aon leis an liosta de na réigiúin incháilithe, chomh maith leis na leithdháiltí do sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg).

33. Leagtar síos na huasrátaí cómhaoiniúcháin i réimse an bheartais comhtháthaithe, sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh freisin, de réir catagóir réigiúin, i gcás inarb infheidhme, chun a áirithiú go n-urramaítear prionsabal an chómhaoinithe trí leibhéal iomchuí tacaíochta náisiúnta, bíodh sin poiblí nó príobháideach.

**(f) Forálacha eile (Airteagail 112 go 119)**

34. Chun leanúnachas a áirithiú agus tacaíocht á tabhairt sa réimse ábhartha beartais, bunaítear leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh forálacha céimnithe idir na tréimhsí ó 2014 go 2020 agus ó 2021 go 2027.

## IV. CONCLÚID

35. Léirítear leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach a baineadh amach sa chaibidlíocht idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, le tacaíocht ón gCoimisiún.

36. Creideann an Chomhairle gurb ionann a seasamh ar an gcéad léamh agus téacs cothrom a chomhlíonann cuspóirí uile Rialachán na bhForálacha Coiteanna.